An Coimisiún Eorpach

# AN ÚSÁID A BHAINTEAR AS FEATHAL AN AONTAIS EORPAIGH I gCOMHTHÉACS CHLÁIR AN AONTAIS EORPAIGH 2021-2027

## Treoirlínte oibríochtúla dóibh siúd a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach

MÁRTA 2021

Tá go leor cláir chistiúcháin ag an Aontas Eorpach (AE) a thacaíonn le tionscadail agus le tionscnaimh i réimsí éagsúla ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

Ní mór do na tairbhithe, do na húdaráis bhainistíochta agus do na comhpháirtithe cur chun feidhme ar fad i maoiniú an Aontais feathal an Aontais a úsáid agus iad ag déanamh cumarsáid chun an tacaíocht a fuair siad faoi chláir an Aontais a aithint agus chun cur le sofheictheacht an Aontais ar an láthair.

Tá sé d'oibleagáid ghinearálta orthu siúd a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach sofheictheacht an Aontais a chur in iúl agus a mhéadú. Dualgas tábhachtach sa chomhthéacs seo is ea **feathal an Aontais Eorpaigh a thaispeáint go ceart agus go feiceálach** in éineacht le **ráiteas simplí maoinithe** ina luaitear tacaíocht an Aontais.

Is le tairbhithe mhaoiniú an Aontais agus le tríú páirtithe eile a dhéanann cumarsáid faoi scáth chláir an Aontais a bhaineann an treoirleabhar seo. Cuireann sé eolas agus samplaí ar fáil ann maidir le feathal an Aontais Eorpaigh agus an ráiteas maoinithe a shuíomh.

# ÁBHAR


**I. Treoirlínte taispeána** 4

Úsáid fheathal an Aontais Eorpaigh 4

Saintréithe teicniúla 5

Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha chothrománach 6

Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha ingearach 7

Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha dhátheangach 8

Dathanna 9

Cló 9

Limistéar cosanta 9

Íosmhéid 9

Níor cheart seo thíos a dhéanamh 10

Feathal an Aontais a chur leis an ráiteas maoinithe maidir le hábhar cumarsáide 11

Feathal an Aontais a chur leis an ráiteas maoinithe i gcás comhbhrandála 12

**II. Comhaontú riaracháin le Comhairle na hEorpa maidir leis an úsáid a bhaineann tríú páirtithe as feathal an Aontais** 13

Prionsabal ginearálta 13

Coinníollacha úsáide 13

Trádmharc agus saincheisteanna gaolmhara 13

Freagracht dhlíthiúil 13

An ceart chun mí-úsáid a leanúint faoin dlí 13

# I. Treoirlínte taispeána

Is é feathal an Aontais Eorpaigh an branda feiceálach is tábhachtaí a úsáidtear chun aitheantas a thabhairt d'fhoinse an mhaoinithe ón Aontas agus chun sofheictheacht an mhaoinithe sin a chinntiú. Cé is moite den fheathal féin, ní ceadmhach aon chomhartha feiceálach ná lógó eile a úsáid chun aird a tharraingt ar thacaíocht an Aontais Eorpaigh([1]).

Feathal an Aontais Eorpaigh agus é réidh le húsáid, lena n-áirítear an ráiteas maoinithe, is féidir é a íoslódáil i dteangacha an Aontais ar fad mar aon leis an Araibis, an Íoslainnis, an Ioruais, an Rúisis agus an Tuircis ó leathanach gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh (https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/logos_downloadcenter).

## Úsáid fheathal an Aontais Eorpaigh

- Mura socraítear a mhalairt leis an údarás deonaithe, na nithe seo ar fad a leanas ní mór dóibh aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aontais agus bratach na hEorpa (feathal) agus ráiteas maoinithe (arna aistriú go teangacha na háite más iomchuí sin) a thaispeáint i gcás gníomhaíochtaí cumarsáide na dtairbhithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht (lena n-áirítear caidreamh leis na meáin, comhdhálacha, seimineáir agus ábhar faisnéise e.g. bróisiúir, bileoga, póstaeir, cuir i láthair, etc. i bhfoirm leictreonach trí na meáin thraidisiúnta nó shóisialta) mar aon le bonneagar, trealamh, feithiclí, soláthairtí nó torthaí móra atá maoinithe ag an deontas.

  **Cad is brí le feathal an Aontais a "thaispeáint go follasach"?**

  Daoine a fhaigheann maoiniú ón Aontas, tá sé d'oibleagáid orthu a chinntiú gur féidir feathal an Aontais Eorpaigh a fheiceáil go soiléir i gcomhthéacs ar leith. D'fhéadfadh rudaí éagsúla a bheith i gceist sa chomhthéacs seo, agus bíonn sé ag brath ar go leor fachtóirí. Ní mór an aird chuí a thabhairt ar chomh mór atá an feathal mar shampla, ar an suíomh, ar an dath agus ar a cháilíocht i gcoibhneas leis an gcomhthéacs.

  Daoine a fhaigheann maoiniú ón Aontas, ní mór go bhféadfaidís a léiriú agus a mhíniú conas a chinntíonn siad tosaíocht d'fheathal an Aontais Eorpaigh agus don ráiteas maoinithe a ghabhann leis ag gach céim de chlár, de thionscadal nó de chomhpháirtíocht([2]).

- Ní ceart feathal an Aontais Eorpaigh a mhodhnú ná a chumasc le haon mhír ghrafach ná le haon téacs eile. Má tá lógónna eile ar taispeáint in éineacht le feathal an Aontais, ní mór an feathal a bheith ar a laghad chomh mór leis an lógó is mó de na lógónna eile. Cé is moite d'fheathal an Aontais Eorpaigh, ní féidir aon chomhartha feiceálach ná lógó eile a úsáid chun aird a tharraingt ar thacaíocht an Aontais.

(1) Tá roinnt eisceachtaí teoranta ann i gcláir áirithe – déantar iad sin a shainiú i mbunús dlí na gclár sin.
(2) I gcás roinnt clár de chuid an Aontais, tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil foráil ann le haghaidh oibleagáidí níos sonraí i mbunús dlí an chláir nó i gcomhaontú maoinithe an chláir.

## Saintréithe teicniúla

- Beidh an ráiteas "Maoinithe ag an Aontas Eorpach" nó "Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach" litrithe ina iomláine i ngach cás agus é suite in aice leis an bhfeathal. Ba cheart é a aistriú go teangacha na háite nuair is iomchuí sin a dhéanamh.
- An cló a úsáidtear in éineacht le feathal an Aontais, bíodh sé simplí soléite. Seo iad na clónna a moltar a n-úsáid: Arial, Auto, Calibri, Garamond, Tahoma, Trebuchet, Ubuntu agus Verdana.
- Ní ceadmhach línéail a dhéanamh ná éifeachtaí cló eile a úsáid.
- An áit a suitear an téacs i gcoibhneas le feathal an Aontais, ní chuirfidh sin isteach ar fheathal an Aontais ar bhealach ar bith. Tá cur síos sna treoirlínte seo ar shuíomh an ráitis maoinithe maidir le feathal an Aontais.
- Is é dath an Reflex Blue is ceart ar an gcló (sin é an dath gorm atá ar bhratach na hEorpa) sin nó dath bán, nó dath dubh de réir mar a oireann don chúlra.
- Méid an chló a úsáidtear, bíodh sé i gcomhréir le méid an fheathail.
- Bíodh codarsnacht idir feathal an Aontais agus an cúlra de réir mar is gá. Mura bhfuil de rogha ann ach an cúlra daite, ní mór imeall bán a chur timpeall ar an mbratach. Is ionann leithead na brataí sa chás sin agus an 25ú cuid d'airde na dronuilleoige.
- I gcás ina bhfuil roinnt oibríochtaí ar bun ar aon láthair amháin, agus tacaíocht acu ó na hionstraimí cistithe céanna nó ó ionstraimí éagsúla, nó i gcás ina gcuirtear cistiú breise ar fáil don oibríocht chéanna lá is faide anonn, ní thaispeánfar ach aon phlaic nó aon chlár fógraí amháin([3]).

Treoir ghrafaice maidir le bratach na hEorpa (feathal)
https://europa.eu/european-union/about-eu/symbols/flag_ga

(3) Tá feidhm aige sin maidir le cláir bhainistíochta roinnte atá á rialú ag Rialachán na bhforálacha coiteanna, Rialachán (AE) Uimh.1303/2013 .

# Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha chothrománach




## Leagan deimhneach

(Próiseas CMYK nó an próiseas le haghaidh imprisean digiteach)

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna chómhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

## Leagan diúltach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna chómhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

## Atáirgeadh monacrómach

(Próiseas sonrach an chló ar éadach agus ar mharsantacht nó le Pantone)

Mura bhfuil ar fáil ach dubh nó bán.

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Mura bhfuil ar fáil ach dath Pantone amháin (is sampla é an Reflex Blue anseo).

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

# Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha ingearach

x
x

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

## Leagan deimhneach

(Próiseas CMYK nó an próiseas le haghaidh imprisean digiteach)

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna chómhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

## Leagan diúltach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna chómhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

## Atáirgeadh monacrómach

(Próiseas sonrach an chló ar éadach agus ar mharsantacht nó le Pantone)

Mura bhfuil ar fáil ach dubh nó bán.

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach


Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

Mura bhfuil ar fáil ach dath Pantone amháin (is sampla é an Reflex Blue anseo).

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpach

# Feathal an Aontais a cheangal leis an ráiteas maoinithe – an rogha dhátheangach

I gcásanna áirithe, tharlódh gur gá leagan ilteangach a úsáid. Dá bhrí sin, is féidir leagan dátheangach a bheith ann. De ghrá na hiomláine, níl cead an tríú teanga a chur le feathal an Aontais Eorpaigh. Sa chás sin, is éard a mholaimid macasamhail an lógó a dhéanamh sna teangacha riachtanacha.




Samplaí

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpac
Funded by
the European Union

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpac
Funded by
the European Union

Gefinancierd door
de Europese Unie
Financé par
l'Union européenne

Gefinancierd door
de Europese Unie
Financé par
l'Union européenne

Moltar gan leagan dátheangach a úsáid nuair a bhíonn feathal an Aontais beag.
2 cm an íosairde a bheidh ag an bhfeathal i gcás an leagain seo.

Maidir le nithe áirithe, pinn cuir i gcás, níl cead an leagan dátheangach a úsáid.

2 cm

Arna mhaoiniú ag
an Aontas Eorpac
Funded by
the European Union

## Dathanna

**Gorm corparáideach an Aontais**
C: 100 | M: 80 | Y: 0 | K: 0
R: 0 | G: 51 | B: 153
#003399

**Buí 100 %**
C: 0 | M: 0 | Y: 100 | K: 0
R: 255 | G: 204 | B: 0
#FFCC00

## Cló

Is é Arial (trom) an cló a úsáidtear anseo chun an ráiteas maoinithe a chruthú. Is stíl neodrach shimplí atá i gceist leis, agus tá sé ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Tá Arial ar cheann de chlónna réamh-shuiteáilte bhogearraí Microsoft agus Adobe. Is cló é ar furasta do chách é a rochtain mar sin. Seo iad na clónna eile a moltar a n-úsáid: Auto, Calibri, Garamond, Tahoma, Trebuchet, Ubuntu agus Verdana.

### ARIAL

**ABCDEFGHIJKLMNOPQRSTUVXYZ**

**ÁÀÂÄÃÅĂĀĄÇĆČĈĊĎĐÉÈÊËĚĔĖĒẼĘĞĜĢĠĦĤÍÌÎÏĨĬĪĮĴĶĹĻŁÑŃŇŅŊÓÒÔÖÕŎŐŌØǾŔŘŖŚŞŠŜȘŦŤŢÚÙÛÜŬŰŪŲŮŨẂŴẄẀŸŶỲÝŹŽŻZÞĐÆǼŒ**

**abcdefghijklmnopqrstuvwxyz**

**áàâäãåăāąçćčĉċďđéèêëěĕėēẽęğĝģġħĥíıìîïĩĭīįĵķĺļłñńňņŋóòôöõŏőōøǿŕřŗśşšŝșŧťţúùûüŭűūųůũẃŵẅẁÿŷỳýźžżzþðæǽœ**

**0123456789**

**1234567890/1234567890**

**¡!¿?#%‰&*-——(.,:;)()[]{}¦|«»‹›¶••−×+±÷¬∞≤≥<>=≠≈No†‡§@°ℓ℮©®™€$¥£¢ƒ**

## Limistéar cosanta

Ní mór an limistéar cosanta a bheith saor ó théacsanna, lógónna, íomhánna nó aon eilimintí feiceálacha eile a bheadh san iomaíocht lena chéile ar bhealach a thiocfadh salach ar sholéiteacht an fheathail.




## Íosmhéid

1 cm an íosairde i gcomhair fheathal an Aontais.

I gcás míreanna ar leith, pinn mar shampla, d'fhéadfadh an feathal orthu sin a bheith níos lú.

Nuair atáthar ag úsáid ráiteas maoinithe an Aontais agus é beag, moltar go láidir an leagan cothrománach a úsáid.



# Níor cheart seo thíos a dhéanamh

Ná roghnaigh cló seachas Arial, Auto, Calibri, Garamond, Tahoma, Trebuchet, Ubuntu nó Verdana.

Ná bain úsáid as éifeachtaí cló ar bith.

Ná cuir eilimintí grafacha eile leis.

Ná bíodh an téacs rómhór ná róbheag i gcomparáid le feathal an Aontais Eorpaigh.

Ná húsáid aon dath seachas Reflex Blue, dath bán nó dath dubh.

Ná méadaigh agus ná laghdaigh aon chuid den téacs i gcomparáid lena chéile.

Ná scríobh “AE”. Ní mór “Aontas Eorpach” a scríobh i gcónaí.

Ná scríobh téacs nach mbeidh ann ach ceannlitreacha.

Ná cuir lógó an Choimisiúin Eorpaigh in ionad fheathal an Aontais Eorpaigh.

Ná cuirtear aon eilimint ghrafach eile in ionad fheathal an Aontais Eorpaigh.

Ná cuir athrú ar fheathal an Aontais Eorpaigh.

Ná cuir ainm an chláir leis an ráiteas maoinithe.

Ná scríobh ainm an chláir i gcomhar le feathal an Aontais Eorpaigh.

Ná cuir isteach eilimint ghrafach le hainm chlár AE.


# Feathal an Aontais a chur leis an ráiteas maoinithe maidir le hábhar cumarsáide

Ní mór feathal an Aontais Eorpaigh a bheith feiceálach ar gach ábhar cumarsáide i gcomhar leis an ráiteas maoinithe, amhail táirgí clóite nó digiteacha nó suíomhanna gréasáin agus leagan móibíleach díobh mar shampla, ábhair atá beartaithe don phobal nó do na rannpháirtithe.

An suíomh ina bhfuil feathal an Aontais Eorpaigh, ní ceart go dtabharfadh sé le tuiscint go bhfuil an tairbhí nó an tríú páirtí nasctha ar bhealach ar bith le hinstitiúidí an Aontais. Dá bhrí sin, is éard a mholtar feathal an Aontais Eorpaigh a chur ar leataobh ó lógó na heagraíochta tríú páirtí.

Seachas an feathal féin, níl cead aon chomhartha feiceálach ná lógó eile a úsáid chun aird a tharraingt ar thacaíocht an Aontais.

Seo a leanas roinnt samplaí. Is ar dhearadh an fhoilseacháin a bheidh suíomh fheathal an Aontais Eorpaigh ag brath.



# Feathal an Aontais a chur leis an ráiteas maoinithe i gcás comhbhrandála

Nuair a thaispeántar an feathal in éineacht le lógónna eile (e.g. lógónna na dtairbhithe nó na n-urraitheoirí), ní mór an feathal a bheith chomh feiceálach céanna leis na lógónna eile.

Féadfaidh na tairbhithe an feathal a úsáid gan cead a iarraidh roimh ré ón údarás deonaithe. Ní thugann sé sin de cheart dóibh úsáid eisiach a bhaint as áfach. Rud eile fós, níl sé de chead acu feathal an Aontais, ná aon trádmharc ná lógó den sórt sin, a ghabháil chucu féin trína chlárú ná ar aon bhealach eile.

Seo a leanas roinnt samplaí. Is ar dhearadh an fhoilseacháin a bheidh suíomh fheathal an Aontais Eorpaigh ag brath.



# II. Comhaontú riaracháin le Comhairle na hEorpa maidir leis an úsáid a bhaineann tríú páirtithe as feathal an Aontais

(*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* C 271 an 8 Meán Fómhair 2012)

## Prionsabal ginearálta

Faoi réir na gcoinníollacha úsáide seo a leanas, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ("úsáideoir") feathal an Aontais a úsáid nó aon cheann de na heilimintí atá ann.

## Coinníollacha úsáide

Seachas sna cásanna seo a leanas, tá cead feathal an Aontais Eorpaigh a úsáid agus/nó aon cheann de na heilimintí atá ann a úsáid, is cuma cén cineál úsáide atá ann neamhbhrabúsach nó tráchtála:

- má thugann an úsáid le tuiscint nó le toimhde, rud nach ceart, go bhfuil nasc idir an t-úsáideoir agus aon cheann d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí, de ghníomhaireachtaí agus d'orgáin an Aontais Eorpaigh nó Chomhairle na hEorpa;
- más é an toradh atá ar an úsáid sin go gcreidfeadh an pobal go hearráideach go bhfuil tairbhe ag an úsáideoir ar thacaíocht, ar urraíocht, ar fhormheas nó ar thoiliú ó aon cheann d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí, de ghníomhaireachtaí nó d'orgáin an Aontais Eorpaigh nó Chomhairle na hEorpa;
- má bhaineann an úsáid le cuspóir nó le gníomhaíocht nach bhfuil ag luí le haidhmeanna agus prionsabail an Aontais Eorpaigh nó Chomhairle na hEorpa, nó úsáid a bheadh neamhdhleathach thairis sin.

## Trádmharc agus saincheisteanna gaolmhara

I gcomhréir leis na coinníollacha a luadh roimhe seo, ní hionann feathal an Aontais a úsáid agus toiliú le clárú an fheathail féin nó aithris air mar thrádmharc nó ceart maoine intleachtúla ar bith eile. I gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, leanfaidh an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa ag faireachán ar iarratais a dhéantar ar chlárú fheathal an Aontais nó cuid de mar (chuid de) na cearta maoine intleachtúla.

## Freagracht dhlíthiúil

Aon úsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige feathal nó eilimintí an Aontais a úsáid, is eisean a bheidh freagrach as an úsáid sin go dlíthiúil. Faoi dhlíthe na mBallstát, nó dlíthe aon tíre eile nach bhfuil san Aontas is infheidhme maidir leis na húsáideoirí, is iad na húsáideoirí a bheidh faoi dhliteanas as mí-úsáid nó dochar a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis úsáid den sórt sin.

## An ceart chun mí-úsáid a leanúint faoin dlí

Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart chun an méid seo a leanas a leanúint faoin dlí, as a stuaim féin, nó má iarrann Comhairle na hEorpa é:

- aon úsáid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach anseo; nó
- aon úsáid a mheasann an Coimisiún Eorpach nó Comhairle na hEorpa a bheith mí-úsáideach i gcúirteanna na mBallstát nó aon tíre nach bhfuil san Aontas.

## Teagmháil

Má tá aon cheist agat maidir le húsáid fheathal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs chláir an Aontais, scríobh chuig comm-visual-identity@ec.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2021


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-76-30524-8 | doi:10.2775/080862 | NA-01-21-076-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-30487-6 | doi:10.2775/492187 | NA-01-21-076-GA-N |